



Coimisiún
na Meán

Bainisteoir Soláthair (Conradh ar théarma seasta 2 bhliain)

Grád Ardoifigigh Feidhmiúcháin
Seirbhísí Corparáideacha

Pacáiste Faisnéise Iarratasóra



Deireadh Fómhair 2025

A larratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as do spéis a léiriú i ról an Bainisteoir Soláthair (Conradh ar théarma seasta 2 bhliain)

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 200 sa chéad dá bhliain. Táimid ag iarraidh fás go dtí os cionn 300 anois. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúraí: na hearnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá lúcháir orainn a bheith ag earcú do ról Stiúrthóir Cúnta dár bhfoireann Maoirseachta Ardáin. Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Leanfaidh sé ar aghaidh ag cur lenár spriocanna chun a chinntiú go mbeidh tírdhreach na meán cumarsáide in ann:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfainn duit iarratas a dhéanamh.

Is mise le meas

Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin



Ár bhFís agus ár Misean



Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.




Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha



Ár Luachanna



Eolas Faoin Ról Seo

Cuspóir an Róil

Cuirfidh an Bainisteoir Soláthair (Conradh ar Théarma Seasta 2-Bliana) cumas riachtanach ar fáil chun tacú le Coimisiún na Meán a chuid oibleagáidí soláthair a chomhlíonadh faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, chomh maith le riachtanais soláthair náisiúnta agus AE.

Cuideoidh an ról sin lena chinntiú go bhfuil an ghníomhaíocht soláthair comhlíontach, trédhearcach, agus go soláthraíonn sí luach ar airgead i gcaiteachas cistí státhiste agus cistí a bhailítear le tobhach.

Tacóidh an ról freisin le seachadadh tionscadal, bainisteoidh sé an t-éileamh ar sholáthar, agus rannchuideoidh sé le cur chun feidhme rathúil na n-athruithe próisis agus córais, agus gníomhaíocht soláthair á hailíniú le cuspóirí rialachais agus straitéiseacha foriomlána na heagraíochta.

Maidir leis an bhFoireann/Rannán

Tá trí ról san fhoireann Soláthair faoi láthair: Tá trí ról san fhoireann Soláthair faoi láthair: Ceann Soláthair (Príomhoifigeach Cúnta), Bainisteoir Soláthair (Ardoifigeach Feidhmiúcháin) agus Oifigeach Soláthair (Oifigeach Cléireachais). Tá an fhoireann faoi stiúir an Cheann Soláthair a thuairiscíonn don Stiúrthóir Airgeadais & Soláthair.

Tacóidh ról an Bhainisteora Soláthair (conradh ar théarma seasta 2 bhliain) le Coimisiún na Meán a chuid oibleagáidí soláthair a chomhlíonadh. Tuairisceoidh an ról go díreach don Cheann Soláthair.

Tá an soláthar laistigh de Rannán Seirbhísí Corparáideacha Choimisiún na Meán, in éineacht le hAirgeadas, Rialachas, Daoine agus Forbairt Eagraíochtúil, Rúnaíocht an Choimisiúin, agus Gnóthaí Idirnáisiúnta.

Is é misean Rannán na Seirbhísí Corparáideacha a chinntiú gur eagraíocht lúfar, dea-reáchtála é Coimisiún na Meán, le foireann spreagtha agus chumasach. Cinnteoidh an rannán go bhfeidhmeoidh Coimisiún na Meán ar ardchaighdeán rialachais corparáidigh, go héifeachtach agus i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ár reachtaíocht rialaithe.



Coimisiún
na Meán

Príomhfhreagrachtaí

- A áirithiú go bhfuil idirbhearta agus cinntí soláthair cóir, cothromasach, agus go soláthraíonn siad luach ar airgead, agus gur féidir údar iomlán a thabhairt le gach cinneadh agus gníomhaíocht.
- Cabhrú le Beartas Soláthair Choimisiún na Meán a fhorbairt, a bhainistiú agus a chur chun feidhme, conarthaí teimpléid, téarmaí agus coinníollacha, agus doiciméid agus teimpléid soláthair ghaolmhara.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht soláthair laistigh den eagraíocht.
- Próisis tairisceana a bhainistiú, lena n-áirítear sonraíocht a fhorbairt i gcomhairle leis an gceannaitheoir; fógra a fhoilsiú; freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin ó sholáthróirí féideartha; measúnú ar aighneachtaí; aiseolas a tharraingt suas agus a sholáthar do sholáthróirí; agus conradh a fhorghníomhú.
- Conarthaí a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích, agus athruithe ar chonarthaí le páirtithe leasmhara inmheánacha agus le soláthróirí seachtracha.
- Torthaí tairisceana a thabhairt don Údarás lena ndaingniú de réir mar is cuí.
- Ullmhú d'iniúchtaí, moltaí iniúchóireachta a chur chun feidhme, agus leibhéal sásúil comhlíontachta a áirithiú.
- Rialú cáilíochta, comhairle soláthair agus tacaíocht a sholáthar don fhoireann agus don bhainistíocht.

Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.



Eolas Fút

Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

Critéir Riachtanach

- Taithí oibre ábhartha 3 bliana ar a laghad.
- Scileanna láidre eagrúcháin agus an cumas tús áite a thabhairt dóibh go héifeachtach.
- An cumas cúraimí iomadúla a láimhseáil agus spriocdhátaí a chomhlíonadh.
- Scileanna scríbhneoireachta tuarascála den scoth chomh maith le cumarsáid láidir ó bhéal agus scríofa.
- An cumas tacú le beartais, nósanna imeachta agus doiciméid eile a fhorbairt.
- Scileanna láidre imreoir foirne, ag obair i gcomhar le chéile chun spriocanna eagraíochtúla a sheachadadh.
- Cuntas teiste cruthaithe maidir le bheith ag obair go neamhspleách agus úinéireacht a ghlacadh ar thascanna.
- Sonraí agus cruinneas atá dírithe, ag cinntiú go gcuirtear an obair i gcrích ar ardchaighdeán.

Critéir Inmhianaithe

- Eolas ar sholáthar na hearnála poiblí.
- Taithí ar a bheith ag obair san earnáil phoiblí.
- Taithí roimhe seo ar chonarthaí a dhréachtú, idirbheartaíocht a dhéanamh orthu, iad a fhorghníomhú agus a bhainistiú.
- Cáilíocht tríú leibhéal ábhartha sa soláthar nó i réimse gaolmhar



Príomhfhaisnéis

Sochair, Pacáiste & Pá

- Tairgtear an post seo ar Conradh ar théarma seasta 2 bhliain
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 29 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról a chomhcheanglaíonn obair bhaile agus oifige. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Le haghaidh liosta iomlán sochar féach ar ár suíomh gréasáin [anseo](#)
- Tá an post seo grádaithe ar [scála](#) Ardoifigigh Feidhmiúcháin..
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála.

Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir isteach le do thoil:

- CV (uasmhéid 2 leathanach) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (uasmhéid 1 leathanach) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist **trí ANSEO**
- Tá ceapachán ar an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilíonn gach post ar iarrthóirí cónaí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a léirítear thuas.

Le haghaidh ceisteanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le cnam@cpl.ie

Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo:

Ceannaireacht Foirne

Breithiúnas, Anailís agus cinnteoireacht

Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

Saineolas, Oilteacht agus Féinforbairt

Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhísí Poiblí



Muinín



Iarmhairt



Misneach



Neamhspleáchas



Díríthe ar
dhaoine



Ionracas

An Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcritéar sonraithe don ról.

- Réamhagallamh bunaithe ar inniúlacht
- Agallamh dara babhta d'iarrthóirí ar éirigh leo sa chéad bhabhta, lena n-áireofar cur i láthair nó cleachtadh praiticiúil eile

Beidh an chéad agallamh ar siúl trí MS Teams. Déanfar an dara hagallamh go pearsanta inár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach a bheith ina bhfíor-fhéin ag an obair.

Dáta Deiridh: 3in Dé Luain, an 10 Samhain 2025



Investors in
Diversity

BRONZE

